Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**8328/25**

**LIMITE**

**CORLX 402**
**CFSP/PESC 607**
**RELEX 490**
**COEST 320**
**FIN 444**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0113(NLE)**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine |

**RIALACHÁN (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014
a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise
i ndíchobhsú staid na hÚcráine**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2025/… ón gComhairle an … lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine[1+],

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

---

1 IO L, …, ELI: …

\+ IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir thagartha agus dáta glactha an Chinnidh a leagtar amach in ST 8326/25 agus comhlánaigh an fonóta lena mbaineann.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 833/2014[2].

(2) Le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, tugtar éifeacht do bhearta áirithe dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle[3].

(3) An …, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CFSP) 2025/…[+], lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES.

(4) Le Cinneadh (CBES) 2025/…[++] cuirtear 31 eintiteas nua le liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES, is é sin liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a thacaíonn le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise ina cogadh foghach ar an Úcráin, ar a bhforchuirtear srianta onnmhairiúcháin níos déine maidir le hearraí agus teicneolaíocht dé-úsáide, chomh maith le hearraí agus teicneolaíocht a d'fhéadfadh rannchuidiú le feabhsú teicneolaíoch earnáil cosanta agus slándála na Rúise. Le Cinneadh (CBES) 2025/…[++], áirítear ar an liosta sin freisin eintitis áirithe i dtríú tíortha seachas an Rúis a rannchuidíonn go hindíreach le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Rúise, rud a fhágann gur féidir teacht timpeall ar shrianta ar onnmhairiú, lena n-áirítear maidir le haerárthaí gan foireann nó meaisín-uirlisí ríomhrialaithe uimhriúil.

---

2 Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/833/oj).

3 Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/512/oj).

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta glactha agus uimhir thagartha an Chinnidh a leagtar amach in ST 8326/25.

++ IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir thagartha an Chinnidh a leagtar amach in ST 8326/25.

(5) Le Cinneadh (CBES) 2025/…[+], leathnaítear liosta na n-earraí a d'fhéadfadh rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Rúise nó le forbairt a hearnála cosanta agus slándála trí liostú a dhéanamh ar earraí a d'úsáid an Rúis ina cogadh foghach ar an Úcráin agus ar earraí a rannchuidíonn le forbairt nó táirgeadh a córas míleata, lena n-áirítear réamhtheachtaithe ceimiceacha ábhar fuinneamhachais agus páirteanna spártha le haghaidh meaisín-uirlisí.

(6) Le Cinneadh (CBES) 2025/…[+], cuirtear síneadh le fad na díolúine ón gcaidhp phraghais ar ola lena gceadaítear, i bhfianaise ábhair imní maidir leis an tslándáil fuinnimh, amhola de thionscnamh Thionscadal Sakhalin-2 sa Rúis a iompar ar shoitheach chuig an tSeapáin.

(7) Tá an Rúis ag brath níos mó agus níos mó ar ioncam fuinnimh chun a cogadh foghach neamhdhleathach ar an Úcráin a chistiú. Chun srian breise a chur ar ghníomhaíocht soithí atá mar chuid de 'scáthchabhlach' na dtancaer ola nó a rannchuidíonn le hioncam fuinnimh na Rúise, le Cinneadh (CBES) 2025/…[+] cuirtear 189 soitheach le liosta na soithí a leagtar amach in Iarscríbhinn XVI a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES a bhfuil toirmeasc orthu teacht isteach i gcalafoirt agus loic na mBallstát agus raon leathan seirbhísí a fháil a bhaineann le muiriompar.

(8) Tagann na bearta sin faoi raon feidhme an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus, dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais, go sonrach d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go haonfhoirmeach i ngach Ballstát iad.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

[+] IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir thagartha an Chinnidh a leagtar amach in ST 8326/25



PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 mar a leanas:

(1) cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn IV;

(2) cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn VII;

(3) cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn XXIX;

(4) cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn XLII.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC